

Comhairle Chontae na Gaillimhe  
**Cuarbhóthar N6 Chathair na  
Gaillimhe**

Freagairt ar Aighneacht Michael &  
Annette Kerin

GCCR\_4.03.34.29\_002

Eagrán 1 | 3 Samhain 2020

Sa tuarascáil seo tugtar san áireamh teoracha  
agus ceanglais faoi leith ár gcliaint.

Ní sé beartaithe le haghaidh tríú páirtí ar bith agus níor  
cheart do thríú páirtí ar bith brath air agus ní ghealltar  
freagracht ar bith do thríú páirtí ar bith.

Uimhir an phoist 233985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**  
Teach Corparáideach  
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach  
Baile an Bhriotaigh  
Gaillimh  
H91 K5YD  
Éire  
[www.arup.com](http://www.arup.com)

**ARUP**

<b>Teideal an phoist</b>		Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe		<b>Uimhir an phoist</b> 233985-00	
<b>Teideal an doiciméid</b>		Freagairt ar Aighneacht Michael & Annette Kerin		<b>Tagairt chomhaid</b>	
<b>Tagairt an doiciméid</b>		GCRR_4.03.34.29_002			
<b>Athbhreithniú</b>	<b>Dáta</b>	<b>Ainm comhaid</b>			
Dréacht 1	2 Deireadh Fómhair 2020	<b>Cur síos</b>	Chéad dréacht		
			Arna ullmhú ag	Arna sheiceáil ag	Arna fhaomhadh ag
		Ainm	Eileen McCarthy		
		Síniú			
Eisiúint 1		<b>Ainm comhaid</b>			
		<b>Cur síos</b>			
			Arna ullmhú ag	Arna sheiceáil ag	Arna fhaomhadh ag
		Ainm			
		Síniú			
		<b>Ainm comhaid</b>			
		<b>Description</b>			
			Arna ullmhú ag	Arna sheiceáil ag	Arna fhaomhadh ag
		Ainm			
		Síniú			
		<b>Ainm comhaid</b>			
		<b>Description</b>			
			Arna ullmhú ag	Arna sheiceáil ag	Arna fhaomhadh ag
		Ainm			
		Síniú			
<b>Eisigh an deimhniú doiciméid le doiciméad</b>					<input checked="" type="checkbox"/>

MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG AN  
AN MBORD PLEANÁLA

CHUN FAOMHADH A FHÁIL LE hAGHAIDH (I)  
CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE  
BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA  
LEASÚ); (II) SCÉIM MHÓTARBHEALAIGH  
CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018;  
AGUS (III) SCÉIM BÓTHAIR COSANTA CHUARBHÓTHAR  
N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018.

Tagairt ABP ABP-302848-18 and ABP-302885-18

Freagairt ar an Aighneacht thar ceann an Ollaimh Michael  
agus an Dr Annette Kerin chuig an  
Éisteacht ó Bhéal

ag

Eileen McCarthy, Marie Fleming & Cathal Mac an tSearraigh, Arup – Innealtóireacht  
agus Tógáil

Andrew Archer & David Conlon, Systra - Trácht

Thomas Burns, BSM – Tírdhreach agus Amharc

Sinead Whyte – Caighdeán an Aeir

Jennifer Harmon, AWN – Torann agus Creathadh

An Dr Martin Hogan, CHI – Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine

**3 Samhain 2020**

# Clár na nÁbhar

---

	Leathanach
<b>1</b>	<b>Réamhra</b> <b>1</b>
<b>2</b>	<b>Innealtóireacht agus Trácht</b> <b>1</b>
<b>3</b>	<b>Tírdhréach agus Amharc</b> <b>10</b>
<b>4</b>	<b>Freagairt um Chaighdeán an Aeir maidir le hAighneacht TMS</b> <b>12</b>
	4.1 Freagairt ar Aighneacht TMS 12
	4.2 Freagairt ar aighneacht an Ollaimh Kerin 15
<b>5</b>	<b>Torann agus Tonnchrith</b> <b>16</b>
	5.1 Timpeallacht Torainn Bhonnlíne 16
	5.2 Tionchair Torann agus Tonnchreatha na Céime Tógála 16
<b>6</b>	<b>Daonra agus Sláinte an Duine</b> <b>20</b>

í

## 1 Réamhrá

---

- 1.1.1 Is é is cuspóir leis an doiciméad seo freagairt a thabhairt ar cheisteanna áirithe a ardaíodh in aighneachtaí roimhe seo thar ceann an Ollaimh Michael agus an Dr Annette Kerin chuig an éisteacht ó bhéal ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) ar an 30 Deireadh Fómhair 2020.
- 1.1.2 Fuarthas aighneachtaí ó na páirtithe seo a leanas thar ceann Michael agus Annette Kerin:
- Julian Keenan, Trafficwise Ltd.
  - An Dr Imelda Shanahan, TMS Environment Ltd.
  - Karl Searson, Searson Associates
  - An Dr Annette Kerin
  - An tOllamh Michael Kerin
- 1.1.3 Rinne na saineolaithe ábhartha athbhreithniú ar gach aighneacht thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil leis an CCNA N6 agus tá difríochtaí nó míchruinneas ar bith sna sonraí leagtha amach sa doiciméad seo.

## 2 Innealtóireacht agus Trácht

---

- 2.1.1 Sa suíomh arna leagan amach i Léaráid 3 i Ráiteas um Fhianaise Julian Keenan sainaithnítear na hachair ó teorainn tosaigh na dtailte coimeáda ina gcuimsítear teach Kerin go gnéithe éagsúla den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tá teach Kerin siar 21m eile ón teorainn tosaigh sin agus na hachair chuig gnéithe éagsúla den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag léiriú na céime chun cúil eile seo atá soláthartha ar Léaráid 4 i Ráiteas um Fhianaise Julian Keenan.
- 2.1.2 Sonraítear i mír 5.4 de ráiteas Julian Keenan go bhfuil rochtain ar an láithreán agus teacht amach as i ngaireacht theach Kerin “*fágtha le haghaidh cinnteoireacht i ndiaidh an toilithe*”. Tá sé sin mícheart go fíorasach. Faoi mar a sonraíodh i gCaibidil 7 den TMTT, bainfear leas as an ngréasán bóithre agus na tailte atá ann atá ar fáil do na hoibreacha mar bhealaí tarlaithe. Áirítear ar na bealaí tarlaithe sin HR08/01 (N59) agus HR04/01 (tailte a cuireadh ar fáil do na hoibreacha) de réir Thábla 7.4 de Chaibidil 7 den TMTT agus Léaráidí 7.106. Go riachtanach, feidhmíonn comhéadan HR08/01 agus HR04/01 mar rochtain láithreáin. Faoi mar atá léirithe i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 7 den TMTT, déantar tionchair tráchta na tógála a íoslaghdu trí rialú ar

rochtain láithreáin/ bealaí imeachta agus suíomhanna rochtana láithreáin.

- 2.1.3 Lena chois sin, i Mír 5.5 de ráiteas an Uasail Keenan déantar tagairt go ceart do Chaibidil 7 den TMTT agus admhaítear *“go soláthrófar rochtain ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe go díreach ó N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn (HR08/01) trí thailte Kerin a ceannaíodh”*.
- 2.1.4 I mír 5.8 maítear nach bhfuil faisnéis ar bith sa TMTT ar na trí limistéar sil-ligin ábhair (LFÁanna) DA17, DA18 agus DA19. Mar sin féin, tá suíomhanna agus acmhainn na limistéar sil-ligin léirithe go soiléir, mar shampla, ar Léaráid 7.301 den TMTT agus i dTábla 5.1 d'Iarscríbhinn 2 de A1.11 den Fhreagairt RFI. Maidir le DA20 agus DA21, atá lonnaithe thart ar 250m siar ó mhaoin Kerin, faoi mar atá léirithe ar Léaráid 7.301 den TMTT agus i dTábla 5.1 d'Iarscríbhinn 2 de A1.11 den Fhreagairt RFI, is iad 1,500m<sup>3</sup> agus 900m<sup>3</sup> a n-acmhainní faoi seach. Le chéile, is ionann an 2 LFÁ sin (2,400m<sup>3</sup>) agus níos lú ná 1% den mhéid iomlán socrúcháin (597,200m<sup>3</sup>) le haghaidh LFÁanna ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe agus glacfaidh siad ábhar a thiocfaidh as tochailtí gar dóibh ar an bpríomhlíne, N59 an Bhóthair Cheangail Thuaidh agus N59 an Bhóthair Cheangail Theas. Dá réir sin, rinne úsáid na LFÁanna sin a mheasúnú agus meastar nach mbeidh tionchar ar bith acu ar theach Kerin.
- 2.1.5 I gCuid 5.11 de ráiteas an Uasail Keenan leagtar amach na méideanna oibreacha créafóige idir N59 Acomhal Leitrí go hAbhainn na Gaillimhe agus i Mír 5.11.7 sonraítear go bhfuil doimhneacht na tógála atá luaite i gCuid 10 den TMTT 2.5m níos mó nach mar atá luaite i gCuid 9 den TMTT. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go soláthraítear an measúnú hidrigeolaíoch i dTábla 10.17 i gCaibidil 10 den TMTT. Díreach roimh Tábla 10.17, ar leathanach 877 den TMTT, tá ráiteas ann *“go bhfuil ardú doimhneachta gearrtha uasta ag na doimhneachtaí tochailte do bhunsraitheanna agus draenáil de 3m faoin ardú bóthair críochnaithe, agus tá sé sin curtha i bhfeidhm ar fhad iomlán na forbartha bóthair atá beartaithe. Is é sin rómheastachán ar an doimhneacht ghearrtha uasta fhéideartha le haghaidh draenála agus bunsraitheanna.”* Pléitear an gné 3m sin i gcomhthéacs measúnú hidrigeolaíoch amháin agus ní léiríonn sé doimhneacht an ghearrtha ag an tochailt charraige EW 11 seo.
- 2.1.6 Tá na ríomhanna toirtmhéadracha atá ábhartha do na measúnuithe atá le déanamh ag an mBord bunaithe ar na limistéar oibreacha créafóige gearrtha is líonta atá curtha i láthair i Léaráid 9.8.001 go Léaráid 9.8.012 agus i dTábla 9.16 den TMTT. Tá airde an chlaífoirt (meán agus uasta), airde an ghearrtha (meán agus uasta) agus na hithreacha agus geolaíocht ag gach limistéar oibreacha créafóige léirithe go soiléir i

dTábla 9.16. Mar a dhealraítear ó Thábla 9.16, is é an doimhneacht ghearrtha uasta in EW 11 14.9 m faoi leibhéal na talún. Go deimhin, is ionann an doimhneacht ghearrtha uasta agus “róthochailt” 0.5m mar lamháltas coimeádach i gcarraig dea-cháilíochta le haghaidh tógáil cosán.

- 2.1.7 Tá méideanna foriomlána na n-oibreacha créafóige curtha i láthair i dTábla 7.3 den TMTT, agus bunaithe ar ár n-anailís ar na cainníochtaí a chruthófar ón ngearradh idir Ch. 7+450 agus Ch. 8+300, measaimid gurb ionann na cainníochtaí atá curtha in iúl ag an Uasal Keenan ar an gcuid sin agus rómheastachán de 150,000m<sup>3</sup> de charraig, agus tá na cainníochtaí arna sonraí ag an Uasal Keenan mícheart mar gheall ar an leibhéal gearrtha ó Thábla 10.17 den TMTT atá á chur i bhfeidhm trasna an ghearrtha seachas na leibhéil ó Thábla 9.16 den TMTT agus breithniú na próifíle topagrafaíochta agus dálaí talún arna léiriú ar Léaráid 9.8.006 den TMTT. Tá ríomh na tonnáiste carraige ina dhiaidh sin mícheart chomh maith go fórasach agus is rómheastachán suntasach é.
- 2.1.8 Tá sé tábhachtach go gcuirfí béim air nach hionann na hoibreacha créafóige sa limistéar seo agus cairéal tráchtála. Trí bhíthin sampla, i ndáil leis na hoibreacha maidir le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe, bainfear úsáid as cleachtais chaighdeánacha gearrtha carraige mórbhealaigh agus beidh na hoibreacha críochnaithe laistigh de 9 mí, agus ní dhéanfar níos mór carraige a thochail i ndiaidh an phointe sin, D’fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chuidiú don Bhord a thabhairt faoi deara go bhfuil an gearradh sin (i.e., EW 11) cosúil le gearrthacha carraige eile de réir doimhneachta agus scála i scéimeanna roimhe sin amhail M17/M18 an Ghoirt go Tuama agus Scéim PPP Thuama agus Seachbhealach N25 Ros Mhic Thriúin agus teastóidh pléascadh carraige agus tochailt carraige ina leith chun gearrthacha a chruthú ar cheachtar taobh de carrbhealach. Is é sin an cleachtas caighdeánach i dtógáil bóithre.
- 2.1.9 Faoi mar a sonraíodh sa TMTT, moladh clár tógála brostaithe don limistéar sin chun cur isteach a íoslaghdú. Cé nach n-aontaíonn an t-iarratasóir, faoi mar atá leagtha amach thuas, le méid na carraige a thochlófar sa limistéar sin, dar leis an Uasal Keenan, tá sé soiléir ó dhoiciméid an iarratais go ndéanfar méid suntasach a thochailt thar thréimhse measartha gairid ama, faoi mar atá curtha i láthair i dTábla 7.1 agus i gCuid 7.4.7.6 den TMTT. Sa chomhthéacs sin, sonraíodh chomh maith i ndoiciméid an iarratais go mbeidh pléascadh rialta carraige (pléasc láithreach bonn amháin ar a mhéad in aghaidh an lae arna léiriú i gCuid 17.2.2.1 den TMTT) i gceist leis an gcéim tógála san cheantar sin, agus, ar aon dul le tógáil chaighdeánach na ngearrthacha carraige, beidh gá le héadain a ghearradh ar an dá thaobh den ailíniú.

- 2.1.10 Tá sé an-tábhachtach, áfach, a thabhairt faoi deara go mbeidh modhanna tógála ‘boga’ i gceist leis na hoibreacha i gceantar díreach mhaoin Kerin. Sa chomhthéacs sin, déanfar ábhar líonta a shil-ligean ón ngearradh siar agus a rolladh i sraitheanna. I mballa créafóige a bheidh cobhsaithe go meicniúil agus an balla fána géaraithe i gceantar thailte Kerin cuimseofar ábhar rollta le strapaí eadrannacha a leagfar idir na sraitheanna ábhair. Taispeántar an próiseas tógála sin go soiléir i Léaráid 1 agus 2 d’Aguisín A.7.8, BD02 Déanmhais eile den Tuarascáil um Dhearadh. Tugann sé sin aghaidh ar an ráiteas mícheart i Mír 6.6.2 de Ráiteas an Uasail Keenan ina maítear nach bhfuil tagairt ar bith den na déanmhais choimeádta sin.
- 2.1.11 D’ainneoin na tuairime a cruthaíodh in aighneachtaí áirithe a rinneadh thar ceann an Ollaimh agus an Dr Kerin, ní dhéanfar píleáil ar bith sa limistéar seo. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go gcuirfí béim go ndéanfar suíonna na mbruach teannta d’fhodhroichead N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn (Déanmhas S08/02) a chruthú ar bharr an líonta a tugadh suas go dtí an leibhéal ceart. Go deimhin, taispeántar modh na tógála sin go soiléir ar Líníocht GCOB-1700-D-GEN-004 d’Aguisín A.7.2 BD02 Fodhroichid Chaighdeánacha na Tuarascála um Dhearadh. Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart a dhearbhu go bhfuil suíomh is gaire na píleála thart ar 500m soir ó thailte Kerin ag tógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe.
- 2.1.12 Nuair a bheidh an fodhroichead leagtha, leanfar le tarlú feadh na príomhlíne go díreach thar N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn. Lena chois sin, beidh tarlú ábhair le haghaidh thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe feadh na mbealaí tarlaithe ainmnithe.
- 2.1.13 Anuas air sin, beidh na hoibreacha tochailte ar an bpríomhlíne go hiarthar thailte Kerin ag bogadh de shíor ar shiúl ó thailte Kerin agus an gearradh ag tosú ag doimhneacht nialais thart ar 200m ó dheas ó theach Kerin agus ag méadú ó sin amach ó dheas. Ní dócha go mbeidh pléascadh ar siúl sna codanna níos éadoimhne den ghearradh carraige, rinneadh measúnú coimeádach, áfach, ina gcuimsítear breithniú phléascadh an ghearrtha iomláin (agus tá sé taispeánta i Léaráid 7.201 den TMTT).
- 2.1.14 I gCuid 5.12 de ráiteas an Uasail Keenan maítear go bhfuil cur síos ar na hoibreacha a bhaineann leis na linnte maolúcháin agus leis an mbóthar rochtana AR 08/01. Mar sin féin, tá míreanna 5.12.2 agus 6.3.1 mícheart go fíorasach. Ar an gcéad dul síos, soláthróidh an AR 08/01 rochtain ar na trí mhaoin choimeádta atá ag Ard an Locha, ar an maoin a ceannaíodh faoi thagairt cheapaí 518, ar dhá láithreán seirbhísithe eile agus ar na linnte maolúcháin. Cuimsítear in oibreacha ar an mbóthar rochtana sin athdhromchlú i ndiaidh chríoch atreorú na seirbhísí chomh maith le síneadh chun rochtain a sholáthar ar an teach a ceannaíodh agus



na linnte maolúcháin. Ar an dara a dul síos, tá cainníochta na n-oibreacha créafóige atá soláthartha sa ráiteas um fhianaise ón Uasal Keenan i ndáil le tochailt i limistéar na linnte maolúcháin in Ard an Locha mícheart. Faoi mar a shaináithnítear i Léaráid 7.201 den TMTT, sainaithnítear go bhféadfaí pléascadh a dhéanamh sa suíomh sin agus rinneadh é a mheasúnú le haghaidh pléascadh féideartha. I gcomhréir leis an imscrúdú talún arna sholáthar in A9.1b den TMTT, atá achoimrithe ar Léaráid 9.8.006 den TMTT, áfach, tá carraig thart ar 3m faoi leibhéal na talún ag an suíomh sin. Ag cur san áireamh gurb é 35mOD leibhéal inbhéarta is ísle na linn, i gcomhréir le Líníocht Uimh. GCOB-500-D-111 den Tuarascáil um Dhearadh, treoshuíomh na linne agus doimhneacht chuig an gcarraig, is beag an seans go mbeidh pléascadh ag teastáil ag na linnte maolúcháin sin.

- 2.1.15 I ndáil leis na linnte ar leith atá suite soir ó N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn, léirítear san imscrúdú talún atá ar fáil go bhfuil carraig tuartha ag níos mó ná 4m faoi leibhéal na talún. Bunaithe ar Léaráid 9.8.006 den TMTT, tá leibhéal na talún ag suíomh na linnte thart ar 24mOD. De réir Líníocht Uimh. GCOB-500-D-111 den Tuarascáil um Dhearadh, is ionann leibhéal inbhéarta an dá linn agus 22.1mOD. Is ionann é sin agus tochailt thart ar 2m. Dá bhrí sin, ní thiocfar ar charraig bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, agus ní theastóidh pléascadh ar bith ag na linnte sin ach an oiread.
- 2.1.16 Tugtar le tuiscint go mícheart i gCuid 5.13 go mbeidh oibreacha ar siúl san oíche a bhaineann leis na hoibreacha créafóige a bhaineann le fodhroichead an N59, tagairt déanmhais S08/02. Mar sin féin, sonraíodh go soiléir go dteastaíonn oibreacha san oíche i gcás go bhfuil tardhroichid le tógáil faoi mar a luaitear i gCuid 7.4.5 den TMTT. Tá sé measta go leagfar na droichid bhíoma don déanmhas sin thar thréimhse dhá sheachtain le dúnadh bóthair agus oibreacha oíche ar cheithre oíche laistigh den tréimhse dhá sheachtain sin. Sa Ráiteas um Fhianaise ar Innealtóireacht a seachadadh chuig an éisteacht ó bhéal ar an 18 Feabhra 2020, ag mír 4.13.7, bhí sé geallta ag an iarratasóir cheana a chinntiú go ndéanfaí fógra tráthúil chuig cónaitheoirí Ard an Locha a sholáthar roimh an dúnadh teoranta bóthair san oíche a bhaineann le tógáil an tardhroichid, chun cur isteach a íoslaghdú. Go deimhin, i ndáil le teaghlach Kerin, mar a shonraítear i dtiomantas 15.13 de Sceideal na nGealltanais Comhshaoil *“Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra do Ob\_521\_O\_517.14\_02 maidir le dúnadh lae nó oíche ar bith atá le teacht gar dá maoin”*.
- 2.1.17 Tá Mír 6.4 de ráiteas um fhianaise an Uasail Keenan mícheart go fíorasach i ndáil le tóchar C08/01, maidir lena dtugtar le fios nach bhfuil tagairt ar bith déanta dó sa TMTT. Chun amhras a sheachaint, tá eolas faoi C08/01 i dTábla 11.20 den TMTT mar píobán trastomhais 1.2m. Déantar tagairt chomh maith don C08/01 i dTábla 11.19 san

TMTT i gcomhthéacs a limistéir soláthartha agus déantar tionchar hidreolaíoch C08/01 a mheasúnú i dTábla 11.28 den TMTT.

- 2.1.18 Tá Mír 6.5.1 mícheart go fíorasach chomh maith i ndáil leis na hoibreacha ar N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn. I dTábla 3.24 den Tuarascáil um Dhearadh agus Tábla 5.2 den TMTT soláthraítear sonraí maidir le hathailíniú N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn ag Ch 8+500 mar lánáí 2 x 3.5m ar leithead ar feadh thart ar 350m *“Athdhearadh N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn ag an Daingean chun freastal ar thardhroichead na príomhlíne atá beartaithe.”* Taispeántar na hoibreacha ar Léaráidí 5.1.06 den TMTT maidir le plean agus tá cuntas gearr (MC20) curtha ar fáil ar Léaráid 5.3.07 den TMTT.
- 2.1.19 Faoi mar a fheictear ón gcuntas gearr, tá 120mm ar a mhéad ann maidir le ceantar Ard an Locha, agus níl moladh ar bith ann maidir leis an mbóthar a ísliú. Dearadh an athdhromhchlú lena choinneáil ar comhréidh le hathailíniú íosta ag an lár líne lena cheangal leis na himill agus na colbhaí atá ann.
- 2.1.20 I gCuid 6.6 de ráiteas an Uasail Keenan dealraítear go bhfuil mearbhall faoi chineál na n-oibreacha sa limistéar sin. Tá suíomh gach déanmhais choimeádta sonraithe go soiléir i dTábla 5.7 den TMTT, agus tá cineál dhéanmhais an bhalla coimeádta leagtha amach i dTábla 6 de Chuid 3.1 d’Aguisín A.7.8 den Tuarascáil um Dhearadh, mar aon le grafaicí mionsonraithe ina dtaispeántar modheolaíocht na tógála do na déanmhais sin. Arís, ba cheart a thabhairt faoi deara go dteastaíonn na hoibreacha íosta tochailte le haghaidh bonnraí do na ballaí créafóige a bheidh cobhsaithe go meicniúil agus na fánaí neartaithe, agus úsáidfean an dá cheann díobh i gceantar mhaoin Kerin, ar gach taobh den phríomhlíne. Dá réir sin, ní mholtar balla coimeádta coincréite athneartaithe sa limistéar sin de mhaoin Kerin.
- 2.1.21 I gcomhthéacs an tráchta le linn na céime oibriúcháin, ceistíonn ráiteas an Ollaimh Michael Kerin inbhuanaitheacht an CCNA N6. Faoi mar a tugadh faoi deara go leor uaireanta le linn phróiseas an iarratais, tá an CCNA N6 ina chuid lárnach de straitéis iompair inbhuanaithe do Chathair na Gaillimhe (Straitéis Iompair na Gaillimhe – SIG). Cuimseofar i gcur chun feidhme an SIG luasteorainneacha laghdaithe i lár na cathrach, seirbhísí méadaithe agus tosaíocht mhéadaithe don iompar poiblí, tosaíocht agus bonneagar feabhsaithe do mhodhanna gníomhacha agus cur chun feidhme beart um bainistíocht éilimh amhail srianta páirceála. Tá iarratas ar phleanáil i ndáil leis na Nasc Traschathrach, ar comhairliúchán poiblí neamhrechtúil é faoi láthair, le cur faoi bhráid an Bhoird Phleanála faoi 2021, agus ag brath ar fhaomhadh, tá sé measta go mbeidh sé curtha i gcrích laistigh de thréimhse 12 go 18 mí. Is é an cás go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh

maidir leis na gnéithe sin den SIG a chur chun feidhme, rud a laghdóidh na luasanna i lár na cathrach agus a chuirfidh feabhas ar an tosaíocht maidir le hiompar poiblí agus modhanna gníomhacha.

2.1.22 Maidir le bainistíocht páirceála, i Straitéis Iompair na Gaillimhe déantar breac-chuntas ar líon beart um Bainistíocht Éilimh a dhírítear ar fhócas an taistil a aistriú laistigh de lár na cathrach go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, lena n-áirítear:

- Infhaighteacht agus costas na páirceála i lár na cathrach a rialú
- Laghdú ar chaighdeán pháirceála le haghaidh forbairtí úra atá lonnaithe gar do chonairí iompair phoiblí
- Cion mór den pháirceála ar an tsráid a bhaint i lár na cathrach chun tosaíochta níos mó a chur ar fáil do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí

2.1.23 Go deimhin, faoi mar atá leagtha amach sna Ráitis um Fhianaise ar Phleanáil, ar Bheartas agus ar Thrácht a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal, tá forbairtí inbhuanaithe mórscála le déanaí i lár na cathrach, amhail, forbairt mhórscála Oifigí/Miondíola ag Cé Bonham agus athfhorbairt Stáisiún Cheannt mar fhorbairt mhór úsáide measctha, ailínithe leis na prionsabail forbartha inbhuanaithe agus soláthróidh siad leibhéal i bhfad níos ísle de pháirceáil ná atá i gceist le caighdeán íosta páirceála Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi láthair. Sa tábla thíos déantar breac-chuntas ar mhéid na spásanna páirceála atá ceadaithe ag na forbairtí sin agus an leibhéal páirceála is incheadaithe faoi chóimheasa páirceála reatha don chathair.

<b>Forbairt</b>	<b>Spásanna Páirceála atá Curtha ar fáil</b>	<b>Spásanna Páirceála atá Ceadaithe bunaithe ar Chóimheasa Pleananna Forbartha</b>	<b>% faoi chóimheasa ceadaithe atá ann cheana</b>
Cé Bonham	131	687	80%
Athfhorbairt Stáisiún Cheannt	572	1772	68%

2.1.24 Arís, is léir go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir le prionsabail um pleanáil inbhuanaithe an SIG agus an CNP a chur chun feidhme.

2.1.25 Mar atá leagtha amach in Aguisín A - Torthaí na Deighilte Módúla maidir leis an nóta trácht a tugadh don Bhord Pleanála ar an 19 Deireadh

Fómhair 2020, beidh sé mar thoradh ar chur chun feidhme iomlán an SIG, le bearta um bainistíocht éilimh, go ndéanfar laghdú suntasach ar thaisteal carranna agus méadú comhfhreagrach ar thaisteal trí mhodhanna inbhuanaithe. Le haghaidh tagairt éasca, tá an fhaisnéis mionsonraithe sa tábla thíos ina dtaispeántar deighilt mhódúil 24 uair an chloig réamh-mheasta do Limistéar Theorainn Riaracháin Cathair na Gaillimhe ina iomláine.

Cás	Carr (%)	IP (%)	Gníomhach (%)
<b>‘Íosmhéid a Dhéanamh’ CNP</b>	66.4%	6.1%	27.5%
<b>‘Rud Éigin a Dhéanamh’ CCNG N6 + SIG + Bainistíocht Páirceála</b>	54.9%	8.4%	36.7%

- 2.1.26 Nuair a chuirtear i gcomparáid le ‘Íosmhéid a Dhéanamh’ é, beidh sé mar thoradh ar chás an SIG go dtiocfaidh laghdú 11.5% ar an deighilt mhódúil maidir le húsáid carranna sa Chathair, arb ionann é sin agus thart ar 50,000 níos lú turas i gcarranna ar an ngréasán bóithre thar thréimhse 24 uair an chloig agus méadú comhfhreagrach ar thurais a dhéantar trí mhodhanna níos inbhuanaithe. Bainfidh tairbhí suntasacha sláinte leis an laghdú ar úsáid carranna trí imbhuailtí laghdaithe agus laghdú ar thruailliú aeir agus torainn ar fud na cathrach chomh maith.
- 2.1.27 Léiríonn an tOllamh Kerin cosúlachtaí idir Gaillimh agus Cambridge. Cé gur cheart bheith cúramach go pointe áirithe agus Gaillimh á cur i gcomparáid le cathracha Eorpacha eile (toisc go mbainfidh breithnithe geografacha, geilleagair agus patrúin taistil éagsúla le gach cathair), is fiú a tabhairt faoi deara go bhfuil dhá chonaire ghathach ilairde in Cambridge, M11 agus A14. Freastalaíonn na bóithre sin, cosúil leis an CCNA N6 atá beartaithe, ar thrácht straitéiseach agus baintear trácht neamhriachtanach ó lár na cathrach leo. Dá réir sin, cruthaítear timpeallacht atá níos oiriúnaí do choisithe agus rothaithe i lár na cathrach in Cambrigde. Chomh maith leis sin, áirítear ar thogra an SIG do Ghaillimh gréasán bus athchumraithe chun freastal ar bhealach níos fearr ar an éileamh reatha agus éileamh amach anseo agus feabhas suntasach ar mhinicíochtaí agus ar thosaíocht busanna ar fud na cathrach.
- 2.1.28 Tá rogha shonrach sa SIG a bhaineann le “Córais intleachta” ina gcuimsítear, amhail SMART Cambridge, moltaí ar conas is féidir sonraí agus teicneolaíocht úr a úsáid chun seirbhísí iompair a sholáthar

ar bhealach níos éifeachtaí. Áirítear iad seo a leanas ar roinnt de na tionscadail um Shoghluaisteacht agus ITS níos Cliste do Ghailimh mar chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe:

- Carranna príobháideacha neamh riachtanacha a bhaint de lár na cathrach;
- Ionad Bainistíochta Tráchtá Uirbigh Chathair na Gaillimhe a mhéadú agus a chomhtháthú;
- Córas ticéadaithe comhtháite a sholáthar;
- Córas um Páirceáil Chliste a chruthú agus a oibriú do Chathair na Gaillimhe;
- Saoráidí um Páirceáil Chliste a chur ar fáil do rothaithe;
- Bealaí tosaíochta Cliste a chur ar fáil do choisithe agus do rothaithe;

## 3 Tírdhreach agus amharc

---

- 3.1.1 I mír 3.10 de nótaí aighneachta an Dr Annette Kerin go “*meastar go bhfuil an tionchar ar ár dtaitneamhachtaí mar gheall ar chur isteach amhairc san fhadtéarmach ina thionchar diúltach atá measartha go suntasach* (TMTT Caibidil 18), agus ceapaim gur gannmheastachán agus míthuiscint ollmhór é sin.’
- 3.1.2 Pléitear an measúnú ar an tionchar maidir le timpeallacht tírdhreacha agus tréithe amhairc mhaoin Kerin agus na maoiné máguaird go hiomlán i gCaibidil 12 Tírdhreach agus Amharc an TMTT. Go sonrach, tá sonraí tugtha ar thionchair tírdhreacha agus amhairc na céime tógála ag Cuid 12.5.3.3 de Chaibidil 12 agus tá sonraí tugtha ar thionchair na céime oibriúcháin ag Cuid 12.5.4.3 de Chaibidil 12.
- 3.1.3 Saináithnítear teach Kerin go sonrach mar Mhaoin Tag: P008-026 ar Léaráid 12.1.06 den TMTT. Déantar measúnú go sonrach ar thionchar na maoiné le linn na tógála; ag deireadh na tógála; (roimh bhunú); agus le bunú an mhaolaithe (i ndiaidh bunaithe) sa Sceideal um Thionchar Amhairc in Aguisín A.12.1 den T. Chun amhras a sheachaint, tá cur síos déanta ar thionchar theach Kerin le linn na gcéimeanna sin sa TMTT faoi mar a leanas:
- Tógáil: Trom
  - Roimh bhunú: Trom
  - I ndiaidh bunaithe: Trom
- 3.1.4 Dá réir sin, aithnítear tionchar suntasach na forbartha bóthair atá beartaithe ar thimpeallacht tírdhreacha agus amhairc na maoiné go hiomlán sa mheasúnú, agus moltar bearta suntasacha go sonrach chun an tionchar sin a mhaolú. Tá na bearta sin léirithe ar Léaráid 12.1.06 den TMTT agus tá sonraí maidir le i gCuid 12.6 agus i dTáblaí 12.7 agus 12.8 den TMTT.
- 3.1.5 Le haghaidh tagairt éasca, áirítear ar na bearta sin (féach Léaráid 12.1.06):
- Gan tionchar díreach ar na ballaí teorann, plandú nó gairdíní na maoiné
  - Coimeád an phlandaithe teorann gairdín aibí feadh theorainn thuaidh agus thiar na maoiné ceanaith in aice leis (tag.: P008-025 ar Léaráid 12.1.06)
  - Coimeád an phlandaithe atá ann ar theorainn limistéar na dáileachta talún agus na linnte maolúcháin ó dheas
  - Soláthar balla clár scáileáin sholadaigh feadh theorainn na dáileachta talún / oibreacha le linn na tógála

- Plandú (doimhneacht 12m) an chlaífort don fhorbairt bóthair atá beartaithe go díreach soir ó mhaoin Kerin
- Plandú (doimhneacht 6m) feadh teorainn theas an bhóthair rochtana go hArd an Locha
- Plandú go dtí tosach an déanmhais choimeádta R08/02

3.1.6 I ndiaidh lóisteáil na Freagartha chuig Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise an Bhoird Phleanála (RFI, Lúnasa 2019), san aighneacht thar ceann Theaghlach Kerin ((Paula Murphy, Deireadh Fómhair 2019) ardaíodh tionchar amhairc fhostáisiún BSL beartaithe atá lonnaithe os comhair bhealach isteach na maoin. Dá réir sin, agus an tionchar sin á mhaolú, tá sé beartaithe an fhostáisiún a lonnú ar chúl balla teorann aolchoiche 2m ar airde, agus rochtain a sholáthar ar an bhfostáisiún tríd an ngeata atá beartaithe ó dheas ó mhaoin Kerin (féach Léaráid nuashonraithe 4.1.11 d'Aguisín A.9.1 Oibreacha Cóiríochta Úinéirí Talún Sonraí maidir le Freagairt RFI atá ceangailte le Sceideal Breise na nGealltanais Comhshaoil a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Phleanála ar an 20 Deireadh Fómhair 2020). Leis sin cinnteofar nach mbeidh tionchar amhairc diúltach ag an bhfostáisiún ar mhaoin Kerin nó ar an mbealach isteach inti.

3.1.7 Cé go mbeidh tionchar amhairc suntasach ar mhaoin Kerin, níl sé uathúil maidir leis sin. Beidh leibhéil shuntasacha chomhchosúla tionchair ar os cionn 20 maoin (gan na cinn a ceannaíodh san áireamh). Mar aon le maoin Kerin, tá 8 gcinn de na maoin sin lonnaithe ar an dá thaobh den N59 ag an Daingean / Páirc na Sceach (féach Léaráid 12.1.06 den TMTT). I gcomparáid le maoin Kerin, beidh tionchair dhíreacha ar 3 cinn de na maoin sin chomh maith (i.e. P008-014; P008-023; & P008-054) ar (lena n-áirítear ceannach) limistéir gairdíní príobháideacha go díreach in aice leis an teach agus tá siad lonnaithe níos gaire do chodanna ardaithe comhchosúla den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Dá bhrí sin, agus in ainneoin an tionchair shuntasach ar mhaoin Kerin, níl cineál an tionchair amhairc thar a bheith eisceachtúil nó uathúil i gcomhthéacs na forbartha bóthair atá beartaithe.

## 4 Freagairt um Chaighdeán an Aeir maidir le hAighneacht TMS

---

### 4.1 Freagairt maidir le hAighneacht TMS

#### Cuid 5.1 - Íogaireacht theach Theaghlach Kerin

- 4.1.1 I gcomhréir le treoirlínte um chaighdeán aeir Bhonneagar Iompair Éireann, áirítear ar shuíomhanna gabhdóirí íogaire tithíocht chónaithe, scoileanna, ospidéal, ionaid adhartha, ionaid spóirt agus limistéir siopadóireachta (féach Cuid 16.2.5.1 den TMTT). Go deimhin, tá sé sonraithe go n-admhaítear go deimhin i Ráiteas um Fhianaise an Dr Imelda Shanahan (ag cuid 5.1.2) go “n-aithnítear san TMTT an tábhacht a bhaineann le híogaireacht gabhdóirí a bhreithniú agus tionchair á measúnú agus sainítear ann gabhdóirí an-íogair i roinnt suíomhanna”. Lena chois sin, ba chóir a thabhairt faoi deara go ndearnadh measúnú ar gach gabhdóir atá lonnaithe laistigh de 100m ó thógáil an CCNA N6 atá beartaithe mar chuid den measúnú ar an tionchar ar chaighdeán an aeir (féach Cuid 16.5.3.1 den TMTT), lena n-áirítear teach Kerin.

#### Cuid 5.2 - Caighdeán aeir bonnlíne

- 4.1.2 I ráiteas um fhianaise an TMS admhaítear cur i gcrích an tsuirbhé um monatóireacht ar chaighdeán an aeir ag scoil Pháirc na Sceach. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh monatóireacht ar chaighdeán an aeir (dé-ocsaíd nítrigine agus ábhar cáithnínach) ag Ard an Locha ar feadh tréimhse 3 mhí. Tugtar le fios i ráiteas an TMS nach bhfuil úsáid as sonraí Chríos C GCC oiriúnach sa suíomh sin agus gur chart sonraí Chríos D (ceantair thuaithe na hÉireann) a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, léirítear go soiléir i léarscáileanna GCC (<https://gis.epa.ie/EPAMaps/>) go bhfuil méid iomlán an CCNG N6 atá beartaithe cuimsithe i gChríos C. Anuas air sin, mar a léiríodh roimhe seo, le húsáid as sonraí Chríos C is féidir bonnlíne an cháis is measa a chur san áireamh, rud a chinnteoidh comparáid láidir le caighdeán cháilíochta an aeir. Go deimhin, tá sé glactha leis ag an iarratasóir (mar a d’admhaigh an Dr Shanahan i gcuid 5.2.2 dá ráiteas) go bhfuil tiúchain NO<sub>2</sub> agus tiúchain PM10 rómheasta sa TMTT. Rinneadh an rómheastachán d’aon ghnó, lena chinntiú go ndéanfaí measúnú ar an gcás is measa.

#### Cuid 5.3 - Critéir maidir le measúnú ar an tionchar ar chaighdeán an aeir

- 4.1.3 I ráiteas an TMS ráiteas maítear (ag cuid 5.3.5) “nach bhfuil caighdeán cháilíochta aeir ar bith sa TMTT a bhféadfaí tionchair na céime tógála a mheasúnú ina leith”. I dTábla 16.7 den TMTT, áfach, léirítear na critéir maidir le measúnú ar thionchar astaíochtaí dusta ó



ghníomhaíochtaí tógála. Tagraítear sa tábla d’astaíochtaí PM<sub>10</sub> agus cuirtear fonóta leis do na caighdeáin cháilíochta aeir do PM<sub>10</sub>.

- 4.1.4 Déantar tagairt chomh maith i gCuid 16.2.2.1 den TMTT do teorainn sil-ligin dusta<sup>1</sup> T.A. Luft de 350mg/m<sup>2</sup>/lá, a chuirtear i bhfeidhm, mar atá sonraithe sa TMTT, thar thréimhse bhliantúil agus ní níos faide ná 28-30 lá mar a shonraítear i ráiteas um fhianaise an TMS.
- 4.1.5 Mar atá léirithe i gCuid 16.2.2.1 den TMTT, *“aontaíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) go bhféadfaí an treoir líne sin a chur i bhfeidhm, ach í a chur i bhfeidhm mar mheán 30 lá, ina doiciméad Bainistíocht an Chomhshaoil sa Tionscal Eistarraingtheach (Mianraí Neamh-Sceidealaithe) (GCC, 2006)”*. Cuirfear an teorainn sil-ligin dusta sin i bhfeidhm ar bhonn míosúil ar an monatóireacht ar shil-leagan dusta, i gcomhréir le treoir GCC agus mar atá léirithe i gCuid 16.2.2.1 den TMTT. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil tagairt déanta den teorainn sin toisc gurb é an t-aon teorainn um shil-ligeán dusta atá leagtha síos in Éirinn, agus ní dhéantar tagairt dó chun comparáid a dhéanamh idir na hoibreacha tógála atá beartaithe agus gníomhaíochtaí cairéalaithe.
- 4.1.6 Sonraítear i ráiteas um fhianaise an TMS chomh maith go bhfuil an measúnú ar thionchair na tógála i gcomhréir le treoir BIÉ ‘leathchanníochtúil ar an gceann is fearr de’. I dTreoirlínte BIÉ maidir le Chóireáil Caighdeán an Aeir le linn phleanáil agus thógáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta, áfach, sonraítear go *“moltar cur chuige leathchanníochtúil chun an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach ann a dheimhniú, agus ba cheart é a dhéanamh mar aon le measúnú ar na bearta um maolú atá beartaithe”*. Go deimhin, tá an cur chuige leathchanníochtúil sin comhsheasmhach leis treoir ábhartha eile lena n-áirítear Treoir um Chaighdeán an Aeir 20019 DMRB<sup>2</sup> agus Treoir na hInstitiúide um Bainistíocht ar Chaighdeán an Aeir maidir leis an measúnú dusta ó scartáil agus ó thógáil (2014)<sup>3</sup> agus tá sé oiriúnach go hiomlán don mheasúnú ar dhusta tógála. Ar deireadh, maidir leis sin, agus d’ainneoin an méid a mhaítear i ráiteas um fhianaise an TMS, breithnítear gaireacht na ngabhdóirí íogaire sa mheasúnú ar thionchair na tógála i gcomhréir le treoir BIÉ.

#### **Cuid 5.4 - Measúnú ar chaighdeán an aeir le linn na céime tógála**

- 4.1.7 I gCuid 5.4 de ráiteas an TMS pléitear acmhainn na dtionchar ar chaighdeán an aeir mar gheall ar oibreacha a bheidh ar siúl laistigh de 900m ó theach Kerin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go mbreithnítear i dtreoir BIÉ go bhféadfadh tionchair fhéideartha um shil-ligeán dusta tarlú 100m ó oibreacha tógála. Aontaítear sa UK DMRB (2019) leis an gcur chuige sin agus

<sup>1</sup> [https://www.bmu.de/fileadmin/Daten\\_BMU/Download\\_PDF/Luft/taluft\\_engl.pdf](https://www.bmu.de/fileadmin/Daten_BMU/Download_PDF/Luft/taluft_engl.pdf).

<sup>2</sup> UK DMRB LA 105 - Caighdeán an Aeir, Samhain 2019

<sup>3</sup> Treoir na hInstitiúide um Bainistíocht ar Chaighdeán an Aeir (IAQM) maidir leis an measúnú dusta ó scartáil agus ó thógáil (2014)

sonraítear ann go bhfuil an riosca ar íogaireacht na timpeallachta glactha i leith dusta tógála íseal thar 100m ó na hoibreacha. Tagann sé sin chomh maith le treoír na hInstitiúide um Bainistíocht ar Chaighdeán an Aeir.

- 4.1.8 I gCuid 5.4.9 de ráiteas an TMS tugtar le fios *“nach mbeadh measúnú ar an méid dusta a chruthófar deacair agus gur féidir é a bhaint amach ag baint úsáid as an modheolaíocht atá léirithe i dTreoír um Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) SAM, AP-42... ”*. Mar sin féin, i gcodarsnacht leis an seasamh a ghlac an Dr Shanahan, sonraítear i dtreoír BIÉ *“go bhfuil sé an-deacair astaíochtaí dusta a thagann as gníomhaíochtaí tógála a chainníochtú go beacht. Dá réir sin ní féidir athruithe ar rátaí salaithe dusta nó tiúchain PM<sub>10</sub> a thuar go héasca*.
- 4.1.9 Baintear úsáid sa TMS as modheolaíocht USEPA AP-42 chun leibhéil dusta ag maoin Kerin mar gheall ar oibreacha tógála a thuar. Braitheann na ríomhanna ar Oibríochtaí Tógála Troma 1995 (Caibidil 13.2.3) chun leibhéil dusta tógála a mheas. Mar sin féin, ní dhéantar ach an méid dusta (i dtónaí) a mheas gan tasc ar bith ar an limistéar thar a bhféadfaí an dusta a shil-leagan. Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil, ní féidir a shonrú an dócha go gcomhlíonfaidh an meastachán dusta na luachanna teorann um shil-leagan dusta.
- 4.1.10 Is léir ó scrúdú a rinneadh ar an modheolaíocht USEPA AP-42 nach féidir a lán dá bhoinn tuisceana um ríomh a chur i bhfeidhm ar an CCNG N6 nó ar aon fhorbairt bóthair in Éirinn. Trí bhíthin sampla, soláthraítear i gcuid 13.2.3 den doiciméad USEPA AP-42 (atá curtha i bhfeidhm sa measúnú TMS) tosca astaíochtaí a úsáidfear le haghaidh oibríochtaí tógála troma. USEPA AP\_42 *“tá na tosca astaíochtaí úsáideach chun meastacháin ar astaíochtaí foriomlána ó thógáil scaipthe ar fud limistéar geografach a fhorbairt. Baineann an luach den chuid is mó le hoibríochtaí tógála lena mbaineann (1) meánleibhéal gníomhaíochta, (2) ábhair mheasartha siolta agus (3) aeráid bhreacthur”*. Tá sé soiléir chomh maith go mbíonn frasaíocht idir 250mm agus 500mm i gceist le “haeráid bhreacthur”. Ní ábhar iontais ar bith é nach bhfuil aeráid bhreacthur i nGaillimh, agus an fheart hainn bhliantúil i nGaillimh ag 1,173mm ar an meán in aghaidh na bliana ([www.met.ie](http://www.met.ie) sonraí Chlár Chlainne Mhuiris 1971-2000).
- 4.1.11 Lena chois sin, ní léir ó na ríomhanna atá leagtha amach i gcuid 5.4.11 de ráitis an TMS ar cuireadh beart rialaithe san áireamh i gcomhréir le AP-42, ina soláthraítear coigeartú rátála le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcruthaítear dusta. Go deimhin, ba cheart a thabhairt faoi deara go moltar sa AP-42 roinnt beart rialaithe a mholtar le haghaidh tógáil ghinearálta agus déantar tagairt dóibh sa TMTT, lena n-áirítear:
- Laghdú ar luas gaoithe (Cuid 16.6.2.1 den TMTT)
  - Sochtadh fliuch ( Cuid 16.6.2.1 den TMTT)

- 4.1.12 Lena chois sin, cuirtear síos sa TMTT ar líon mór beart um maolú le haghaidh íoslaghdú an dusta tógála, thar na cinn a bhfuil cur síos déanta i ndoiciméad an AP42 1995. Forbraíodh na bearta TMTT agus aird á tabhairt ar threoir BIÉ doiciméad Bhunaíocht Taighde na Breataine (BRE) ‘Caithníní, gal agus truailliú torainn ó láithreáin tógála a rialú’ agus ‘Treoir maidir le measúnú dusta ó scartáil agus ó thógáil’, 2014, IAQM. Is iad sin na treoirchoiciméid is cuí chun tionchair fhéideartha dusta a mheasúnú in Éirinn.
- 4.1.13 Maítear i ráiteas an TMS go mbeidh sé mar thoradh ar an trácht HGV a théann isteach ar an mbealach tarlaithe feadh príomhlíne an CCNA N6 atá beartaithe le linn na céime tógála “*go ndéanfar leibhéil shuntasacha ábhar cáithníníeach a astú agus ocsaídí nítrigine chomh maith ó innill díosail agus beidh tionchar intomhaiste aige ar chaighdeán an aeir i gceantar díreach mhaoin Kerin*”. Cuireadh an measúnú ar thionchair na céime tógála chun crích i gcomhréir le treoir BIÉ, áfach. Tá measúnú an TMTT bunaithe ar an mbonn tuisceana go bhfuil na hoibreacha mór de réir scála, rud a chuirtear síos air mar “*láithreáin tógála mhóra, le húsáid mhór as bealaí tarlaithe*”. Dá bhrí sin, i modheolaíocht BIÉ breithnítear na hoibreacha tógála agus gluaiseachtaí HGV. Tá sé sonraithe chomh maith go bhfuil méideanna tráchta HGV na céime tógála feadh na príomhlíne, HR 04/01, níos lú ná méideanna tráchta HGV na céime oibriúcháin ar a ndearnadh measúnú iomlán sa TMTT (Cuid 16.5.4.1).

- Cuid 5.6 - Measúnú ar thionchair na tógála ar chaighdeán an aeir**
- 4.1.14 I ráiteas an TMS dearbhaítear gur airde tionchair na tógála ar chaighdeán an aeir laistigh de 100m ó fhoinsé na n-astaíochtaí. Faoi mar a léiríodh thuas, dearbhaítear le treoirlínte BIÉ agus treoir ábhartha eile go bhfuil an riosca ó thionchair dusta íseal ag fad níos mó ná 100m ón bhfoinsé. Maíonn an Dr Shanahna nach leor na bearta atá beartaithe sa TMTT chun na tionchair a sainathníodh a mhaolú. Mar sin féin, forbraíodh bearta um maolú i gcomhréir le treoirlínte na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe le déanaí agus meastar go bhfuil siad láidir agus cuimsitheach le haghaidh maolú dusta ó thógáil. Faoi mar a léiríodh i gCuid 16.6.2.1 den TMTT, déanfar monatóireacht ar shil-ligean dusta, monatóireacht ar PM<sub>10</sub> agus PM<sub>2.5</sub> chun comhlíonadh na luachanna teorann a chinntiú.

## 4.2 Freagairt ar aighneacht an Ollaimh Kerin

- 4.2.1 Tá na leibhéil PM<sub>2.5</sub> a ríomhadh don chéim oibriúcháin bunaithe ar chuimsiú na dtiúchan cúlra sa chás is measa ar dócha go mbeidh siad in rómheastachán ar iomlán na dtiúchan, faoi mar atá léirithe i ráiteas um fhianaise an TMS.
- 4.2.2 Tá sé tábhachtach a shonrú go ndearnadh tiúchain PM<sub>2.5</sub> ag Ard an Locha thar thréimhse 3 mhí a thomhas ag 5.4µg/m<sup>3</sup>, w atá i bhfad faoi

bhonn threoirlíne WHO de  $10 \mu\text{g}/\text{m}^3$ . Is é  $1.9 \mu\text{g}/\text{m}^3$  an t-uasmhéadú in  $\text{PM}_{2.5}$  a ríomhadh ag an gabhdóir is gaire do mhaoin Kerin a samhaltáíodh. Is é an toradh tíúchan iomlán de  $7.3 \mu\text{g}/\text{m}^3$  ach chomhlíonann treoirlíne WHO go dóthanach fós.

- 4.2.3 Maidir le tuairisciú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chaomhnú Comhshaoil, ba cheart don Bhord a thabhairt faoi deara go sonraítear an méid seo a leanas i dtuarascáil Caighdeán an Aeir in Éirinn 2019 an GCC i gCuid 7:

*“Measann an Gníomhaireacht Eorpach um Chaomhnú Comhshaoil go raibh 1,300 bás roimh am in Éirinn mar gheall ar thruailliú aeir chaithníní míne dusta ( $\text{PM}_{2.5}$ ) in 2017 amháin... Tá úsáid chónaithe breosla sholadaigh amhail gual, adhmaid agus móin fós ar an bhfadhb is mó do chaighdeán an aeir agus don tsláinte in Éirinn. Is é úsáid leanúnach dó breosla sholadaigh le haghaidh teas tí is mó a chuireann le hábhar cáithníníeach mín ( $\text{PM}_{2.5}$ ) in Éirinn fós.”*

## 5 Torann agus Tonnchrith

### 5.1 Timpeallacht Torainn Bhonnlíne

- 5.1.1 Tá cur síos déanta ar thimpeallacht torainn bhonnlíne i gceantar theach Kerin sa TMTT. Rinneadh suirbhéanna ar thorann bonnlíne gach do thosach na maoin agus ag maoin in aice le teach Kerin chomh maith a thréithríonn an timpeallacht torainn sa cheantar. Go deimhin, ar chuid den aighneacht a rinneadh thar cheann an Ollaimh agus an Dr Kerin chuig an mBord, thug Searson Associates torthaí maidir le suirbhéanna torainn bhonnlíne chomh maith a rinneadh laistigh den mhaoin agus taobh amuigh den mhaoin. Is léir, ó thorthaí an tsuirbhé a taifeadadh laistigh den TMTT agus a rinneadh mar chuid d’aighneacht Theaghlach Kerin, tagann an torann atá ann ó N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn atá ann, arb é an príomhbhealach náisiúnta atá lonnaithe díreach in aice le teach Kerin.

### 5.2 Tionchair Torann agus Tonnchreatha na Céime Tógála

- 5.2.1 Tagraítear sna haighneachtaí ón Dr Imelda Shanahan, ón Uasal Karl Searson, ón Dr Annette agus ón Ollamh Michael Kerin do na tionchair torainn agus tonnchreatha a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe ag maoin Kerin. Tá achoimre déanta ar fhreagairtí an iarratasóra ar na ceisteanna sin thíos

#### 5.2.2 Teorainneacha an Torainn Tógála

- Tá na hoibreacha tógála teoranta agus faoi cheangal na dtorainneacha torainn tógála atá cuimsithe sa TMTT (Cuid 17.2.2.1)
- Chuir an Dr Imelda Shanahan in iúl (ag cuid 6.2.10 dá ráiteas), mar gheall ar chineál agus ar fhad na n-oibreacha i gceantar mhaoin Kerin, gur cheart teorainneacha níos ísle a chur i bhfeidhm ar aon dul leis na cinn atá leagtha amach in Iarscríbhinn E.5 of BS 5228 – 1 (2008 + A1 2014).
- Ní aontaíonn an t-iarratasóir, áfach, go bhfuil na luachanna teorann sin a bhaineann le gníomhaíochtaí leanúnacha fadtéarmacha oibriúcháin a bhaineann le cairéal nó baint mianraí dromchla oiriúnach le haghaidh tionscadal sealadach tógála bóthair. Tá na luachanna teorann um thorann tógála i dtreoirilínte BIÉ leagtha síos le haghaidh rialú torainn ó thionscadail tógála bóthair a shínfí, le haghaidh bóthar náisiúnta úr, i bhfad níos faide ná tréimhse 6 mhí. Ní ghnáthchás é oibreacha a bhaineann le gníomhaíochtaí crécharta thar thréimhsí a shíneann níos mó ná 9 mí do thionscadal tógála bóthair agus ní spreagfadh leo go gcuirfí siad teorainneacha torainn níos ísle i bhfeidhm. I dtagairt do na mórthionscadail tógála bóthair i gCuid 2.1.8, a bhaineann le gnéithe comhchosúla oibreacha ar an CCNA N6, níor cuireadh teorainneacha malartacha torainn níos ísle i bhfeidhm. Níl na luachanna teorann níos ísle de 55dB  $L_{Aeq}$  le linn an lae réadúil, ní féidir iad a bhaint amach agus ní bheifí ábalta tógáil bhóthair ar bith a dhéanamh leo, nó ní bheifí ábalta tionscadal bonneagair eile a thógáil.

### 5.2.3 Teorainneacha Tonnchreatha Tógála

- Socraítear teorainneacha tonnchreatha tógála chun damáiste cosmaideach d'fhoirgnimh agus do dhéanmhais a sheachaint mar gheall ar gníomhaíochtaí tógála agus tá cinn a bhaineann le pléascadh cuimsithe i gCuid 17.2.2.1 den TMTT.
- Tá sé mícheart a mholadh (faoi mar a dhéanann an Dr Shanahan ag cuid 6.2.5 dá ráiteas) go bhfuil na teorainneacha níos airde de 20 go 25mm/s – a bhaineann le cuid shonrach de thógáil Thollán Leacaigh i gCuid 9.4.1.1 den TMTT – infheidhme ar theagmhais chónaithe. Seachas sin, is é 12mm/s, mar a leagtar amach go soiléir i gCuid 17.2.2.1 den TMTT an luachanna teorann cuí a bhaineann le pléascadh do gach teagmhas cónaithe agus gach déanmhais eile ar a bhfuil fráma éadrom.
- Leagtar amach luachanna teorainn i dTreoirilínte BIÉ i ndáil le damáiste cosmaideach nó struchtúrach d'fhoirgnimh a sheachaint atá luaite laistigh den TMTT (Tábla 17.3.). Déantar tagairt laistigh de Threoirilínte 2004 agus 2014 BIÉ d'fhulaingtí tonnchreatha maidir le pléascadh agus píleáil do dhaoine laistigh d'fhoirgnimh, i.e. freagairt an duine ar thonnchrith. Ba cheart a thabhairt faoin

deara gur fulaingtí molta atá iontu sin seachas luachanna teorann agus go mbaineann siad le plé ar bhraistint an duine i leith gníomhaíochtaí a ghineann tonnchrith.

- Breithnítear tionchair tonnchreata a bhaineann leis na hoibreacha píleála féideartha is mó a chruthaíonn tonnchrith (i.e. píleáil leathan) i gCuid 17.5.3.3 agus i dTábla 17.12 den MTT. Cuireadh an fhaisnéis laistigh den chuid seo ar fáil lena comparáid a dhéanamh i gcoinne luachanna teorann le déanamhas. Is féidir na freagairtí dóchúla ar dhaoine laistigh d'fhoirgnimh a dheimhniú chomh maith ar na bhfaisnéis atá sa chuid seo.
- Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil oibreacha píleála ar bith a bhaineann le ceann ar bith de na hoibreacha (claífort, oibreacha droichid nó déanmhais choimeáda) i gceantar theach Kerin.
- Ina theannta sin, beidh pléascadh ar siúl le linn thochailt Ghearradh Leitrí. Is 12 mm/s na luachanna teorann a bhaineann le pléascadh chun cineál ar bith damáiste chosmaidigh d'fhoirgnimh nó freagairt dhíobhálach dhaonna a chosc. Tá an luach teorann leagtha amach go soiléir i gCuid 17.5.3.3 den TMTT.

#### 5.2.4 **Tionchair Torainn na Tógála**

Cuimsítear sna haighneachta thart ceann an Ollaimh agus & an Dr Kerin réimse tionchair torainn mholta a tharlóidh ag maoin Kerin le linn chéim tógála an forbartha bóthair atá beartaithe.

- Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na hoibreacha tógála teoranta agus faoi cheangal na dteorainneacha torainn tógála atá cuimsithe sa TMTT (Cuid 17.2.2.1).
- Faoi mar a tuairiscíodh thuas, is éard a bheidh i gceist leis na gníomhaíochtaí tógála a dhéanamh san áit is gaire do mhaoin Kerin oibreacha ar an mbóthar rochtana ag Ard an Locha, tógáil an chlaífoirt talún agus tógáil fhodhroichead an N59.
- Ní bheidh gníomhaíochtaí píleála ar bith i gceist leis na hoibreacha a bhfuil cur síos orthu thuas i gceantar mhaoin Kerin.
- Bainfidh tógáil an chlaífoirt talún ó dheas ó mhaoin Kerin, le trealamh crécharta agus rollta a dhéanfaidh ábhar líonra a shil-leagan agus a dhlúthú ar bhonn srathach thar thréimhse 3 go 6 mhí. Ní theastaíonn trealamh rollta creathánach a úsáid, ábhar a bhrú le casúr etc. agus ní dhéanfar iad sin mar chuid de na hoibreacha sin. Ní chruthófar leibhéil shuntasacha torainn mar gheall ar chinn na hoibreacha a bheidh i gceist don chineál sin gníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí tógála an chlaífoirt talún.
- Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanfar na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann leis an ngearradh ag Leitreach ag achair idir 300 go 1km ar shiúl ó theach Kerin agus ní dhéanfar iad i gceantar theach Kerin.

- Beidh teicnicí druileála agus pléasctha ar siúl ag gearradh Leitrí chun dlús a chur leis na hoibreacha, ach beidh tréimhse pléascáin an-teoranta (cúpla soicind, uair amháin sa lá) agus is gníomhaíocht thar a bheith rialaithe í.
- Sonraítear go bhfuil roinnt ríomhanna tógála cuimsithe sna haighneachtaí a rinne Dr Imelda Shanahan agus Karl Searson. Léiríonn an raon leibhéal torainn atá ríofa leibhéil shuntasacha gníomhaíochtaí a chruthaíonn torann a tharlaíonn díreach i gceantar mhaoin Kerin. Ach ní bheidh leibhéil shuntasacha gníomhaíochtaí a chruthaíonn torann i gceist leis na hoibreacha tógála i gceantar mhaoin Kerin. Dá réir sin, tá raon na leibhéal torainn atá curtha i láthair sna ríomhanna a rinneadh sna haighneachtaí thar ceann an Ollaimh agus an Dr Kerin ard go saorga. Chun amhras a sheachaint, ní ghlacann an t-iarratasóir leis nach féidir na hoibreacha a rialú go dóthanach lena ndéanamh laistigh de na luachanna teorann ábhartha.

5.2.5 Atreoraítear an Bord go Tábla 17.9 den TMTT, ina léirítear raon na ríomhanna torainn tógála bunaithe ar earraí gléasra ag achair éagsúla ó na hoibreacha. Ag cur san áireamh na gníomhaíochtaí agus na hachair lena mbaineann, is léir gur féidir leis na hoibreacha tógála arna ndéanamh ag maoin Kerin cloí leis na teorainneacha torainn tógála laistigh den TMTT.

5.2.6 In aon chás, tá na hoibreacha tógála teoranta agus faoi cheangal na dteorainneacha torainn tógála atá cuimsithe sa TMTT. Bainfear leis as na prionsabail bhunúsacha um maolú agus bainistíocht rialaithe torainn faoi mar a thuairiscítear i gCuid 17.6.2 agus Aguisín A.17.2 den TMTT.

### 5.2.7 **Tionchair Torainn am Oibriúcháin**

Tagraítear sna haighneachtaí a fuarthas thar ceann theaghlach Kerin do thionchar féideartha torainn na forbartha bóthair atá beartaithe nuair a bheidh sé i bhfeidhm. Tagraítear sna haighneachtaí chomh maith do Treoirlínte um Theorann WHO 2018 don Eoraip. Iarrtar ar an mBord na pointí seo a leanas a thabhairt faoin deara mar fhreagairt:

- Bhí plé ann maidir le treoirlínte torainn WHO 2018 don Eoraip thar chúrsa na héisteacht ó bhéal agus pléitear iad go mion i gCuid 4.3 den Ráiteas um Fhianaise ar Thorann agus Tonnchrith agus pléann an Dr Martin Hogan iad chomh maith sa Ráiteas um Fhianaise ar Shláinte an Duine.
- Tá sé tábhachtach, áfach, go dtarraingeofar aird ar an timpeallacht torainn reatha ag teach Kerin, ar a ndearnadh suirbhéireacht mar chuid den TMTT agus a ndearnadh an tUasal Searson suirbhé air mar chuid dá aighneacht chuig an mBord Pleanála.
- Tá torthaí an dá shuirbhé torainn bhonnlíne agus leibhéil torainn tráchta ríofa amach anseo, ceal na forbartha bóthair atá beartaithe, i

bhfad níos mó ná na luachanna Lden and Loíche a pléadh laistigh de threirdhoiciméad torainn Eorpach WHO 2018 ag maoin Kerin.

- Nuair a bheidh sé ag feidhmiú, beidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe lonnaithe ar chlaífort os cionn airde na maoin lena mbaineann. Tá sraith fhairsing bacainní torainn cuimsithe feadh fhad an ailínithe bóthair atá beartaithe ar imeall an chlaífort ag síneadh thar fhad leanúnach 900m soir agus 400m siar ón Fhodhroichead an N59. Beidh dromchla bóthair íseal-torainn ina chuid den dromchla don bhóthar chomh maith.
- Le cuimsiú na mbeart fairsinge um maolú torainn, tá tionchar an torainn iarmharaigh ó oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe ag maoin Kerin diomaibhseach. Tá sé sin mar gheall ar an gcion beag de thorann tráchta bóthair ón bhforbairt bóthair atá beartaithe nuair a chuirtear leis na leibhéil torainn atá i réim é a bhaineann le N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn a cheanglaíonn an mhaoin. Go deimhin, tá toradh thorthaí an mheasúnaithe comhchosúil leis na leibhéil torainn a ríomhadh a thioctaidh as an N59, leis agus gan an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm.
- Tá sé sonraithe ar fud na n-aighneachtaí thar ceann an Ollaimh agus an Dr Kerin gur limistéar measartha ciúin é an timpeallacht torainn ina bhfuil an mhaoin ina suí faoi láthair agus go mbaineann an teaghlach leas as le haghaidh saol baile, oibre agus staidéir.
- Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, mar sin, go gcloistear leibhéil torainn tráchta reatha suas le 60dB Lden agus níos airde ag an maoin seo ag gach aghaidh. Nuair a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag oibriú, beidh an cás sin fós ann.
- Beidh na dálaí céanna is atá i dteach Kerin ina thimpeallacht reatha maidir le húsáid seomraí leapa, seomraí staidéir agus spás maireachtála, dá réir sin.

## 6 Daonra agus Sláinte an Duine

- 6.1.1 Sonraíodh roinnt uaireanta sna ráitis um fhianaise a rinneadh thar ceann an Ollaimh agus an Dr Kerin go raibh teaghlach Kerin íogair ar mhodh ‘uathúil’ agus gur cheart breathnú air ó dhearcadh difriúil le tithe agus teaghlaigh eile. Aontaíodh, agus sonraíodh go sainráite sa TMTT, gur cheart breathnú ar gach cónaí mar ghabhdóirí an-íogair. Mar sin féin, ní ghlactar leis go mbaineann íogaireacht faoi leith le teaghlach Kerin. Faoi mar a sonraíodh roimhe seo, glactar leis sa mheasúnú sláinte a rinneadh chun eolas a thabhairt don TMTT go bhfuil daoine aonair íogaire i ngach áit. Ní amhlaidh an cás go bhfuil na riochtaí áirithe leighis dá ndéantar tagairt i ráiteas an Dr Annette Kerin neamhchoitianta. Go deimhin, agus ar an drochuair, tá go leor teaghlach ina bhfuil íogaireacht chomhchosúil (agus níos déine fós), i gceantar an CCNA N6 atá beartaithe agus go deimhin feadh an ghréasáin bóithre



atá ann. Ní dhearna an pointe chun na fíorcheisteanna laistigh de theaghlach Kerin a laghdú ach seachas sin chun béim a leagan air go ndéanfar gach teach a mheasúnú ar an dóigh chéanna. Ní stádas sláinte daoine aonair laistigh de theaghlaigh ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe statach agus d'fhéadfadh siad athrú le linn fhorbairt an tionscadail agus caitear le gach maoin chónaithe mar an gcéanna, is é sin, mar ghabhdóirí an-íogair.

- 6.1.2 Mhol an tOllamh Kerin ina aighneacht nár baineadh úsáid as modhanna bunaithe ar fhianaise sa mheasúnú sláinte a tuairiscíodh. Mar sin féin, tá an maíomh sin mícheart go hiomlán. Tá cógais atá bunaithe ar fhianaise riachtanach don eolaíocht nua-aimseartha agus, go deimhin, don measúnú tionchair sláinte a rinneadh i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. I gCuid 18.5.2.7 den TMTT tugtar sonraí faoi athbhreithniú litríochta fairsing ar iris ar a ndearnadh measúnú piaraí agus foinsí eile bunaithe ar fhianaise a úsáid chun bonn eolas a chur faoin modheolaíocht don measúnú sláinte a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin TMTT.
- 6.1.3 Déantar tagairt sna haighneachtaí a rinneadh thar ceann theaghlach Kerin do Threoirlínte Torainn Timpeallachta WHP do Réigiún na hEorpa. Faoi mar a léirigh Jennifer Harmon, sáraíonn na leibhéil teorainn ag teach Kerin leibhéil WHO sa chás “Dada a Dhéanamh”, i.e. an cás atá ann gan forbairt an CCNA N6, mar gheall ar a ghaireacht le teach Kerin don N59 atá ann. Lena chois sin, mar a dearbhaíodh, tá sé tuartha go mbeidh athruithe diomaibhseacha ar na leibhéil torainn ón gcás reatha i gcomparáid le céim oibriúcháin an CCNA N6 beartaithe.
- 6.1.4 Ba cheart dom a dhearbhuí go bhfuil treoirlínte teorainn WHO bunaithe ar fhianaise. Go deimhin, is é ceann de na gnéithe a bhaineann le staidéar atá bunaithe go fíor ar fhianaise go n-aicmítear an fhianaise ag rangú i ndáil lena cáilíocht, a rinneadh i dtreoirlínte WHO. Is fiú a lua gur aicmigh WHO an fhianaise ar a bhfuil leibhéal núise 53 dBL<sub>den</sub>, bunaithe ar cháilíocht “mheasartha” a íosghrádaíodh mar gheall ar thuairiscí neamh-chomhsheasmhacha sa litríocht. Is é an t-aon fianaise a rátáladh mar fhianaise de “cháilíocht ard” leibhéal 59.3 dBL<sub>den</sub> i ndáil le galar iscéimeach croí. Mar sin féin, glactar leis go ndearna WHO moltaí láidre, ag tabhairt faoi deara ag an am céanna go bhfuil na treoirlínte sí, faoi mar a athluaigh roinnt uaireanta, seachas teaghlaigh aonair. Ar deireadh, sa chomhthéacs sin, ba cheart don Bhord a thabhairt faoi deara gur eisigh WHO an tríú moladh **láidir** i ndáil le teorann timpeallachta. Is é sin an ceann is tábhachtaí ar fad ar go leor bealaí. Sonraítear ann:

*“Chun éifeachtaí sláinte a laghdú, molann an GDG go **láidir** go gcuirfeadh lucht déanta beartas bearta oiriúnach i bhfeidhm chun nochtadh torainn ó thrácht bóithre a laghdú sa **daonra** a bhíonn nochtadh do thorann os cionn luach na treoirlíne do mheán-nochtadh*

*torainn agus do thorann san oíche. Le haghaidh idirghabhálacha sonracha, mhol na GDC an torann a laghdú ag an bhfoinse agus ar an mbealach idir an fhoinse agus na daonra a bhfuil na **hathruithe ar an mbonneagar** i dul i gcion orthu.” [Béim curtha leis]*

- 6.1.5 Chun é sin a fheiceáil ina cheart, is fiú breathnú ar na dóigh ar fheidhmigh Éire maidir le déileáil le torann timpeallachta. Luadh an tOllamh. Kerin sliocht as tuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Chomhshaoil 2020 maidir le torann timpeallachta, ina dtugtar an líon is déanaí de dhaoine atá nochta do 55 dB L<sub>den</sub> and 50 dBLóíche.
- 6.1.6 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil na figiúirí sin níos airde ná treoirlínte WHO. Ar an dara dul síos, is fiú iad sin a chur i gcomhthéacs.
- 6.1.7 Tugtar figiúirí sa tuarascáil sin maidir leis an líon daoine atá nochta do na leibhéil sin mar gheall ar thorann bóithre in Éirinn. In 2017, an bhliain ina bhfuil na figiúirí is déanaí ar fáil, b'ionann an líon a bhí nochta do thorann bóithre níos mó ná 55 dB L<sub>den</sub> agus 914,700. Mar sin féin, go sonrach, in 2007 ba é 1,190,100 an líon a bhí nochta. Mar an gcéanna, maidir le torann san oíche, bhí laghdú 570,300 ó 977,600 ar líon na ndaoine a bhí nochta do thorann bóithre níos mó ná 50 dB L<sub>den</sub> in 2007, feabhas an-mhór. Tharla sé sin in ainneoin an tráchta laghdaithe agus daonra níos mó.
- 6.1.8 Ag an am céanna léirigh figiúirí sa Phortaingéil méaduithe móra. Fiú sa Ghearmáin, ar a mbreathnaítear go minic mar cheannaire maidir leis sin, tháinig méadú thart 20% chomh maith ar na líonta a bhí nochta. Thaispeáin formhór na dtíortha Eorpacha méadú ar líonta. Bhí sé sin de dheasca leibhéil níos airde tráchta den chuid ba mhó.
- 6.1.9 Cúis an-suntasach le gur laghdaigh líonta na hÉireann thar an tréimhse deich mbliana ná go dtagann sé leis an am ar osclaíodh mótarbhealaí agus bonneagar bóithre eile ag baint méideanna móra tráchta ar shiúl ó limistéir ina bhfuil daonraí an-mhór. Is é sin díreach an toradh a bheadh ar CCNA N6 atá beartaithe. Chuir an tOllamh Kerin síos ar threoirlínte WHO mar threoirlínte saintreoracha. Ní aontaímid leis an ráiteas sin, is treoirlínte iad agus ní siad saintreorach, ach an-tábhachtach mar sin féin. Nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs an daonra, déanann tionscadail amhail an CCNA N6 atá beartaithe go leor chun aidhmeanna threoirlínte WHO a bhaint amach.
- 6.1.10 Luadh an tOllamh Kerin sliocht ó alt le Cohen in the Lancet in 2017. Léiríodh ann sin go bunúsach ról an aerthruaillithe agus go sonrach PM<sub>2.5</sub> maidir le básmhaireacht. Tá sé tábhachtach, mar sin féin, an anailís sin a fheiceáil ina ceart. Ar an gcéad dul síos mar a léiríodh in alt Cohen, níl básmhaireacht iomarcach dáilte go cothrom ar fud an domhain. Feictear é go neamhréireach i dtíortha ina bhfuil ioncam íseal agus meán-ioncam agus ina bhfuil drochcháilíocht aeir. Ar an dara dul

síos, tagraíonn an t-alt d'fheabhas a chur ar chaighdeán an aeir i roinnt dtíortha ardioncaim. Maidir leis sin, áfach, cuireann teas tí leis go mór (agus, go háirithe, gual agus breosla soladach eile). D'fhéadfadh sé go mbeifí ag súil go mbeidh éifeacht dhearfach maidir leis sin ann leis an cosc ar ghual toiteach. Ar an tríú dul síos, agus an rud is tábhachtaí, sa mheasúnú ar an CCNA N6, tá sé tuartha go mbeidh éifeachtaí diomaibhseacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar leibhéal PM<sub>2.5</sub>. Go bunúsach, is ionann na cásanna 'Dada a Dhéanamh' agus 'Rud Éigin a Dhéanamh'.

- 6.1.11 Ar an iomlán, dá réir sin, tá an measúnú sláinte atá sonraithe sa TMTT agus na Ráitis um Fhianaise ina dhiaidh sin le linn chúrsa na héisteacht ó bhéal don CCNG N6 atá beartaithe, i gcomhthéacs an daonra, dearfach.